# CINNEADH (CBES) 2020/1700 ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Samhain 2020

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2074 ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala.

(2) An 11 Samhain 2019, i bhfianaise na géarchéime leanúnaí polaitiúla, eacnamaíche, sóisialta agus daonnúla i Veiniséala agus na ngníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den urraim do chearta an duine, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1893 ([2]), a rinne na bearta sriantacha a bhí i bhfeidhm a athnuachan go dtí an 14 Samhain 2020, lena n-áirítear gach uile ainmniúchán.

(3) An 21 Nollaig 2019, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") dearbhú thar ceann an Aontais inar luadh gur sárú tromchúiseach ar na forálacha bunreachtúla, ar an smacht reachta agus ar phrionsabal daonlathach dheighilt na gcumhachtaí é an cinneadh ó Chúirt Uachtarach Veiniséala agus ón Tionól Bunreachta neamh-aitheanta an díolúine pharlaiminteach a dheonaítear faoin mbunreacht a bhaint de cheathrar comhaltaí den Tionól Náisiúnta. Cuireadh in iúl go soiléir sa dearbhú sin go leanfadh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás agus léiríodh ann go bhfuil an tAontas faoi réir le leas a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil dó chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta spriocdhírithe nach dochar iad do mhuintir Veiniséala.

(4) An 9 Eanáir 2020, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar luadh gur ghéaraigh na bearta a rinneadh le déanaí in aghaidh an Tionóil Náisiúnta, an t-aon chomhlacht a thoghtar go daonlathach i Veiniséala, agus in aghaidh go leor Comhaltaí dá chuid, lena n-áirítear Uachtarán an Tionóil Náisiúnta, gur ghéaraigh siad ar an ngéarchéim i Veiniséala agus nach raibh aon ghlacadh ar chor ar bith leis na hiarrachtaí a rinneadh bac a chur, le forneart, ar phróiseas dlisteanach toghcháin Bhord Stiúrthóirí an Tionóil Náisiúnta an 5 Eanáir 2020 ná le húsáid an fhornirt i gcoinne Uachtarán an bhoird agus reachtóirí éagsúla le nach bhféadfaidís freastal ar an Tionól Náisiúnta. Cuireadh in iúl sa dearbhú sin freisin nach raibh an seisiún vótála ba chúis le toghadh, mar a thugtar air, Luis Parra dlisteanach toisc nár urramaíodh na nósanna imeachta dlíthiúla ná na prionsabail bhunreachtúla dhaonlathacha lena linn agus nach mór do Chomhaltaí an Tionóil Náisiúnta a bheith in ann an sainordú parlaiminteach a fuair siad ó mhuintir Veiniséala a fheidhmiú saor ó imeaglú agus ó dhíoltas d'aon chineál. Ina theannta sin, i bhfianaise na ngníomhartha agus na gcinntí tromchúiseacha sin lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus de chearta an duine, leagadh béim sa dearbhú sin ar a thiomanta atá an tAontas luí isteach ar bhearta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine aonair a bhíonn bainteach le sárú na bprionsabal agus na gceart sin.

(5) An 4 Meitheamh 2020, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcor is déanaí a tharla i Veiniséala, lena n-áirítear an cinneadh ó Chúirt Uachtarach Veiniséala an 26 Bealtaine 2020 lena ndaingnítear Luis Parra ina Uachtarán ar an Tionól Náisiúnta. Cuireadh i dtreis sa dearbhú sin go measann an tAontas nár dhlisteanach an seisiún vótála as ar eascair toghadh, mar a thugtar air, Luis Parra, toisc nár urramaíodh leis an nós imeachta dlíthiúil ná prionsabail bhunreachtúla dhaonlathacha. Cuireadh in iúl ann freisin gur doimhne fós atá an ghéarchéim fhadtéarmach institiúideach agus pholaitiúil i Veiniséala agus gur lú an spás daonlathach agus bunreachtúil sa tír mar thoradh ar an méid is déanaí a tharla. Athdhearbhaíodh seasamh an Aontais sa dearbhú sin, is é sin nach féidir teacht as an ngéarchéim i Veiniséala ar bhealach inbhuanaithe ach amháin trí fhíorphróiseas polaitiúil cuimsitheach, agus cuireadh in iúl go láidir go ndiúltaíonn an tAontas do gach cineál foréigin, lena n-áirítear aon ionradh míleata nó foréigneach sa tír. Sa chomhthéacs sin, thug an tAontas dá aire gur céim dhearfach é an comhaontú ar tháinig gníomhaithe náisiúnta air le déanaí maidir le cabhair dhaonnúil agus chuir sé i bhfios go láidir go gcaithfidh gach taobh oibriú le chéile ar bhealach cuiditheach chun fulaingt uafásach mhuintir Veiniséala a mhaolú, fulaingt is measa fós mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 295, 14.11.2017, lch. 60).

([2]) Cinneadh (CBES) 2019/1893 an 11 Samhain 2019 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 291, 12.11.2019, lch. 42).

(6) An 16 Meitheamh 2020, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar cuireadh in iúl go láidir gur den ríthábhacht chun an ghéarchéim i Véiniséala a shárú iad toghcháin reachtacha agus uachtaráin atá cóir cothrom agus gur buntaca do phróiseas inchreidte toghcháin é Comhairle Náisiúnta um Thoghcháin (CNE) atá cothrom neamhspleách agus cothrom na Féinne lena n-éascaítear rannpháirtíocht na bpáirtithe polaitiúla agus na n-iarrthóirí. Ina theannta sin, d'iarr an tAontas ar an Rialtas agus ar an bhfreasúra dul i mbun caibidlíocht fhónta chuimsitheach i dtaca le CNE a bhunú agus chun deireadh a chur leis an gcosc ar pháirtithe freasúra.

(7) An 29 Meitheamh 2020, i bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí i Véiniséala, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/898 ([3]) inar cuireadh aon duine dhéag faoi réir bearta sriantacha.

(8) Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Chinneadh (CBES) 2017/2074, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha atá i bhfeidhm agus tháinig sí ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha sin, lena n-áirítear gach aon ainmniúchán, a athnuachan go dtí an 14 Samhain 2021. Ní dhéanann na bearta sin difear don phobal i gcoitinne agus is féidir iad a fhreaschur i bhfianaise an dul chun cinn a dhéanfar chun an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine a athbhunú i Véiniséala.

(9) Rinneadh athbhreithniú ar ainmniúcháin aonair atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 agus ba cheart an ráiteas ar chúiseanna a nuashonrú i gcás ceithre dhuine dhéag agus ba cheart sloinne gach duine liostaithe a chaipitliú.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2017/2074 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 13:

"Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 14 Samhain 2021.";

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M.ROTH

([3]) Cinneadh (CBES) 2020/898 an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 205I, 29.6.2020, lch. 6).

*ARSCRÍBHINN*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074:

*"ARSCRÍBHINN I*

**Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 6(1) agus 7(1)**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Néstor Luis REVEROL TORRES | Dáta breithe: 28 Deireadh Fómhair 1964 Inscne: fireann | An tAire Interior, Justice and Peace ó 2016. Ceapadh é ina Leas-Uachtarán ar Public Works and Services, agus ina Rúnaí Feidhmiúcháin ar Electrical General Staff i mí Aibreáin 2019. Iar-Cheannasaí-Ghinearál den Bolivarian National Guard; tugadh ardú céime dó mar Ghinearál i gCeannas ar an Bolivarian National Guard i mí Lúnasa 2020. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh príosúnach (polaitiúil), agus as cos ar bolg ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, lena n-áirítear trí chosc agus bac a chur ar léirithe polaitiúla, ag fórsaí slándála atá faoina cheannas. | 22.1.2018 |
| 2 | Gustavo Enrique GONZÁLEZ LÓPEZ | Dáta breithe: 2 Samhain 1960 Inscne: fireann | Athcheapadh é mar Cheannasaí an Bolivarian National Intelligence Service (SEBIN) an 30 Aibreán 2019. Comhairleoir Slándála agus Faisnéise roimhe seo le haghaidh oifig an Uachtaráin ón 8 Eanáir 2019 go dtí an 30 Aibreán 2019 agus Ceann SEBIN go dtí mí Dheireadh Fómhair 2018. Mar Cheann SEBIN, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine (lena n-áirítear coinneáil threallach, íde atá mídhaonna agus táireach, agus céasadh) agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala. | 22.1.2018 |
| 3. | Tibisay LUCENA RAMÍREZ | Dáta breithe: 26 Aibreán 1959 Inscne: baineann | Uachtarán an National Electoral Council (*Consejo Nacional Electoral* nó CNE) ó mhí Aibreáin 2006 go dtí mí an Mheithimh 2020. Tá a cuid gníomhaíochtaí agus beartas tar éis an bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trína áirithiú nach bhfanfadh an CNE ina hinstitiúid neamhchlaonta, neamhspleách i gcomhréir le Bunreacht Veiniséala, rud a d'éascaigh bunú an Tionóil Bunreachta agus atoghadh Nicolás Maduro i mí na Bealtaine 2018 trí thoghcháin uachtaráin nach raibh cóir ná cothrom. | 22.1.2018 |
| 4. | Antonio José BENAVIDES TORRES | Dáta breithe: 13 Meitheamh 1961 Inscne: fireann | Ceannaire an Capital District (*Distrito Capital*) Government go dtí mí Eanáir 2018. Ceannasaí Ginearálta an Bolivarian National Guard go dtí an 21 Meitheamh 2017. Bainteach le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, agus freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne ag an Bolivarian National Guard faoina cheannas. Baineadh an bonn den smacht reachta i Veiniséala lena chuid gníomhaíochtaí agus beartas mar Cheannasaí Ginearálta an Bolivarian National Guard, lena n-áirítear an Bolivarian National Guard a ghlac ceannaireacht ar phóilíneacht a dhéanamh ar léirsithe sibhialta agus a mhol go poiblí gur cheart dlínse a bheith ag cúirteanna míleata ar shibhialtaigh. | 22.1.2018 |
| 5. | Maikel José MORENO PÉREZ | Dáta breithe: 12 Nollaig 1965 Inscne: fireann | Uachtarán agus iar-Leas-Uachtarán an Supreme Court of Justice of Venezuela (*Tribunal Supremo de Justicia*). Sna róil sin, thacaigh sé le agus d'éascaigh sé gníomhaíochtaí agus beartais an Rialtais a bhain an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus as ráitis a bhain an t-údarás den National Assembly, lena n-áirítear an National Electoral Council (CNE) a ceapadh i mí an Mheithimh 2020, agus boird cheannaireachta trí pháirtí den fhreasúra a chur ar fionraí agus a ionadú i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020. | 22.1.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | Tarek William SAAB HALABI | Dáta breithe: 10 Meán Fómhair 1963<br>Áit bhreithe: El Tigre, Anzoátegui state, Venezuela<br>Inscne: fireann | Ard-Aighne Veiniséala ceaptha ag an Constituent Assembly. Sa ról sin, agus sna róil a bhí aige mar Ombudsman agus mar Uachtarán ar an Republican Moral Council, bhain sé an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, trí thacú go poiblí le gníomhaíochtaí in aghaidh lucht freasúra Rialtas Veiniséala, agus trí inniúlachtaí a tharraingt siar ón National Assembly. | 22.1.2018 |
| 7. | Diosdado CABELLO RONDÓN | Dáta breithe: 15 Aibreán 1963<br>Inscne: fireann | Uachtarán an Constituent Assembly agus an Chéad Leas-Uachtarán ar an United Socialist Party of Venezeula (PSUV). Bainteach le bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na meáin chun an freasúra polaitiúil, na meáin eile, agus an tsochaí shibhialta a ionsaí agus a bhagairt go poiblí. | 22.1.2018 |
| 8. | Tareck Zaidan EL-AISSAMI MADDAH | Dáta breithe: 12 Samhain 1974<br>Inscne: fireann | Leas-Uachtarán Economy agus Aire Popular Power of Petroleum agus National Industry and Production. Mar iar-Leas-Uachtarán Veiniséala le formhaoirseacht ar stiúradh an Bolivarian National Intelligence Service (SEBIN), tá El-Aissami freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an eagraíocht, lena n-áirítear coinneáil threallach, imscrúduithe a raibh cúiseanna polaitiúla leo, íde mhídhaonna agus tháireach, agus céasadh. Tá sé freagrach freisin as beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta a thacú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear léirsithe poiblí a chosc, agus tá sé i gceannas ar "anti-coup command" an Uachtaráin Maduro, a dhírigh ar an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach. | 25.6.2018 |
| 9. | Sergio José RIVERO MARCANO | Dáta breithe: 8 Samhain 1964<br>Inscne: fireann | Ardchigire an Bolivarian National Armed Forces (FANB), Ceannasaí Ginearálta an Bolivarian National Guard go dtí an 16 Eanáir 2018. Bainteach le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, agus freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag an Bolivarian National Guard faoina cheannas, lena n-áirítear úsáid fornirt iomarcaigh, agus coinneáil threallach agus mí-úsáid threallach na sochaí sibhialta agus chomhaltaí an fhreasúra. Tá an bonn bainte den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala ag a chuid gníomhaíochtaí agus beartas mar Cheannasaí Ginearálta an Bolivarian National Guard, lena n-áirítear an Bolivarian National Guard ag déanamh ionsaí ar chomhaltaí an National Assembly a toghadh go daonlathach agus imeaglú a dhéanamh ar iriseoirí a thuairiscíonn ar na toghcháin chalaoiseacha don Constituent Assembly neamhdhlisteanach. | 25.6.2018 |
| 10. | Jesús Rafael SUÁREZ CHOURIO | Dáta breithe: 19 Iúil 1962<br>Inscne: fireann | Archeannasaí an Venezuelan Bolivarian National Army. Iar-Cheannasaí Cheannfhoireann an Ardcheannasaí, iar-Cheannasaí Ginearálta an Venezuelan Bolivarian National Army agus iar-Cheannasaí an Comprehensive Defence Region of the Central Zone (REDI Central) Veiniséala. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne fórsaí faoina cheannas le linn dó a bheith ina Cheannasaí Ginearálta ar an Venezuelan Bolivarian National Army, lena n-áirítear úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Dhírigh sé ar an bhfreasúra daonlathach agus thacaigh sé le cúirteanna míleata a úsáid chun agóideoirí sibhialtacha a thriail. | 25.6.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Iván HERNÁNDEZ DALA | Dáta breithe: 18 Bealtaine 1966<br>Inscne: fireann | Ceann an Directorate-General of Military Counter-Intelligence (DGCIM) ó mhí Eanáir 2014 i leith agus Ceann an Presidential Guard ó Mheán Fómhair 2015 i leith. Mar cheann an DGCIM, tá Iván Hernández Dala freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus as an gcos ar bolg a d'imir baill de DGCIM faoina cheannas ar an bhfreasúra daonlathach, lena n-áirítear úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine a bhí á gcoinneáil. | 25.6.2018 |
| 12. | Delcy Eloina RODRÍGUEZ GÓMEZ | Dáta breithe: 18 Bealtaine 1969<br>Inscne: baineann | Leas-Uachtarán Veiniséala, iar-Uachtarán an Constituent Assembly neamhdhlisteanach agus iarchomhalta den Presidential Commission don National Constituent Assembly neamhdhlisteanach. Lena cuid gníomhaíochtaí sa Presidential Commission agus ina dhiaidh sin mar Uachtarán an Constituent Assembly neamhdhlisteanach, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear cumhachtaí an National Assembly a fhorghabháil agus iad a úsáid chun díriú ar an bhfreasúra agus cosc a chur orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas polaitiúil. | 25.6.2018 |
| 13. | Elías José JAUA MILANO | Dáta breithe: 16 Nollaig 1969<br>Inscne: fireann | An tIar-Aire Popular Power for Education. Iar-Uachtarán an Presidential Commission don National Constituent Assembly neamhdhlisteanach. Tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala trína ról i gceannas ar bhunú an Constituent Assembly neamhdhlisteanach. | 25.6.2018 |
| 14. | Sandra OBLITAS RUZZA | Dáta breithe: 7 Meitheamh 1969<br>Inscne: baineann | Reachtaire an *Universidad Bolivariana de Venezuela*. Iar-Leas-Uachtarán an National Electoral Council (CNE) agus iar-Uachtarán an Commission of the Electoral and Civilian Register. Tá sí freagrach as gníomhaíochtaí CNE a bhain an bonn den daonlathas i Veiniséala, lena n-áirítear bunú an Constituent Assembly neamhdhlisteanach agus ionramháil an phróisis toghcháin a éascú. | 25.6.2018 |
| 15. | Freddy Alirio BERNAL ROSALES | Dáta breithe: 16 Meitheamh 1962<br>Áit bhreithe: San Cristóbal, Táchira state, Venezuela<br>Inscne: fireann | Ceann an National Control Centre of the Committee for Local Supply and Production (CLAP) agus Cosantóir Stát Táchira. Coimisinéir Ginearálta de chuid an Bolivarian National Intelligence Service (SEBIN) freisin. Mar Cheann CLAP agus mar Chosantóir Stáit Táchira, is féidir leis glaoch ar Special Forces (FAES) agus tá sé in ann tionchar a imirt ar cheapadh breithiúna agus ionchúisitheoirí. Tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas trí ionramháil ar dháileadh chlár CLAP i measc vótálaithe. Ina theannta sin, mar Choimisinéir Ginearálta SEBIN, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí SEBIN, lena n-áirítear sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine amhail coinneáil threallach. | 25.6.2018 |
| 16. | Katherine Nayarith HARRINGTON PADRÓN | Dáta breithe: 5 Nollaig 1971<br>Inscne: baineann | Leas-Phríomhionchúisitheoir (a aistrítear mar Leas-Ard-Aighne freisin) ó mhí Iúil 2017 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2018. De shárú ar ar an mbunreacht, cheap an Supreme Court, seachas an National Assembly, ina Leas-Príomhionchúisitheoir í. Tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí ionchúisimh arna spreagadh go polaitiúil a thionscnamh agus gan imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine ag réimeas Maduro. | 25.6.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 17. | Socorro Elizabeth HERNÁNDEZ HERNÁNDEZ | Dáta breithe: 11 Márta 1952<br>Inscne: baineann | Comhalta (Reachtaire) den National Electoral Council (CNE) go dtí an 12 Meitheamh 2020 agus comhalta den National Electoral Board (JNE). Tá sí freagrach as gníomhaíochtaí CNE a bhain an bonn den daonlathas i Veiniséala, lena n-áirítear éascú a dhéanamh ar bhunú an Constituent Assembly neamhdhlisteanach agus ionramháil a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin i ndáil le toghchán aisghlaoch uachtaráin a cuireadh ar ceal in 2016, toghcháin ghobharnóireachta a cuireadh siar in 2016, agus athlonnú stáisiún vótaíochta ar gearrfhógra roimh thoghcháin ghobharnóireachta in 2017. | 25.6.2018 |
| 18. | Xavier Antonio MORENO REYES | Inscne: fireann | Ard-Rúnaí an National Electoral Council (CNE) ó 2009 go dtí Meitheamh 2020. Tá sé freagrach sa ról sin as cinntí CNE a bhain an bonn den daonlathas i Veiniséala a fhormheas, lena n-áirítear bunú an Constituent Assembly neamhdhlisteanach agus ionramháil an phróisis toghcháin a éascú. | 25.6.2018 |
| 19. | Nestor Neptali BLANCO HURTADO | Dáta breithe: 26 Meán Fómhair 1982<br>Uimhir Aitheantais: V-15222057<br>Inscne: fireann | Maor sa Bolivarian National Guard (GNB), ghníomhaigh sé i gcomhar le hoifigigh sa Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)) ó mhí na Nollag 2017 i leith ar a laghad. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine a bhí á gcoinneáil i saoráidí DGCIM. | 27.9.2019 |
| 20. | Rafael Ramón BLANCO MARRERO | Dáta breithe: 28 Feabhra 1968<br>Uimhir Aitheantais: V-6250588<br>Inscne: fireann | Leas-Stiúrthóir an Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)) ó mhí na Nollag 2018 ar a laghad agus Rannán-Ghinearál an Venezuelan Bolivarian National Army ón 5 Iúil 2019 i leith. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt i saoráidí DGCIM ag baill DGCIM faoina cheannas do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaen Acosta. | 27.9.2019 |
| 21. | Carlos Alberto CALDERÓN CHIRINOS | Uimhir Aitheantais: V-10352300<br>Inscne: fireann | Sealbhóir oifige sinsearaí (dá ngairtear Coimisinéir, Stiúrthóir agus Ard-Stiúrthóir) sa Bolivarian National Intelligence Service (SEBIN). Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine a bhí á gcoinneáil i saoráidí SEBIN. Go háirithe, ghlac sé páirt i ngníomhartha céasta agus in íde chruálach mhídhaonna agus tháireach a thabhairt do dhaoine a bhí á gcoinneáil in El Helicoide, príosún SEBIN, agus is é atá freagrach as na gníomhartha sin. | 27.9.2019 |
| 22. | Alexis Enrique ESCALONA MARRERO | Dáta breithe: 12 Deireadh Fómhair 1962<br>Inscne: fireann | Ceannaire an National Office Against Organized Crime and Terrorist Financing (ONDOFT) ó Eanáir 2018 go dtí Bealtaine 2019. Ceannasaí náisiúnta an National Anti-Extortion and Kidnapping Command (Comando Nacional Antiextorsión y Secuestro (CONAS)) idir 2014 agus 2017. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt ag baill CONAS faoina cheannas do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Tá sé freagrach freisin as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta a bheith á imirt ag baill de CONAS faoina cheannas. | 27.9.2019 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 23. | Rafael Antonio FRANCO QUINTERO | Dáta breithe: 14 Deireadh Fómhair 1973<br>Uimhir Aitheantais: V-11311672<br>Inscne: fireann | Gníomhaí sa Bolivarian National Intelligence Service (SEBIN). Ceann Slándála ag Maiquetía International Airport. Ceann Imscrúduithe ag an Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)) idir ar a laghad 2017 agus Nollaig 2018. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt i saoráidí DGCIM ag baill DGCIM faoina cheannas do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Tá sé freagrach freisin as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bheith á imirt ag baill de DGCIM faoina cheannas. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaen Acosta. | 27.9.2019 |
| 24. | Alexander Enrique GRANKO ARTEAGA | Dáta breithe: 25 Márta 1981<br>Uimhir Aitheantais: V-14970215<br>Inscne: fireann | Ceann (Stiúrthóir) an Special Affairs Division (DAE) den Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)). Tugadh ardú céime dó mar leifteanantchoirnéal den Bolivarian National Guard an 1 Iúil 2020. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh a bhí ina cúis le bás agus gortú agus drochíde a bheith á tabhairt i saoráidí DGCIM aige féin agus ag oifigigh faoina cheannas do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Tá sé freagrach freisin as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta a bheith á imirt ag baill de DGCIM faoina cheannas, agus baint dhíreach aige féin leis an gcur faoi chois sin. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaen Acosta. | 27.9.2019 |
| 25. | Hannover Esteban GUERRERO MIJARES | Dáta breithe: 14 Eanáir 1971<br>Inscne: fireann | Ceann Imscrúduithe ag an Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)) ó ar a laghad Aibreán 2019 go Lúnasa 2019. Mar Cheann Imscrúduithe, rinne sé maoirseacht ar shaoráid DGCIM in Boleita. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt aige féin agus ag oifigigh faoina cheannas, go háirithe in Boleita, do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaen Acosta. | 27.9.2019 |
| 26. | José Adelino ORNELAS FERREIRA<br>Ailias: José Adelino ORNELLA FERREIRA/José Adelino ORNELLAS FERREIRA | Dáta breithe: 14 Nollaig 1964<br>Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital, Veiniséala<br>Uimhir Aitheantais: V-7087964<br>Inscne: fireann | Ardrúnaí den National Defence Council ó 26 Iúil 2019 agus Ceannasaí Cheannfhoireann an Ardcheannasaí ó Mheán Fómhair 2020. Iarcheannasaí den National Capital Integral Strategic Defence Region (REDI Capital), iar-Cheann Foirne agus iar-Leas-Ardcheannasaí den Operational and Strategic Command de na Bolivarian National Armed Forces of Venezuela (CEOFANB). Sna róil sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais de chuid Rialtas Veiniséala a bhain an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala agus d'éascaigh sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach i Veiniséala, lena n-áirítear bac a chur ar sholáthar cabhrach daonnúla agus úsáid fornirt ag oifigigh na Bolivarian Armed Forces (FANB), agus ag fo-fhórsaí faoina cheannas, lena n-áirítear an Integral Strategic Defence Region (REDI), an Integral Defence Operations Zone (ZODI) agus an Bolivarian National Guard. | 29.6.2020 |
| 27. | Gladys del Valle Requena | Dáta breithe: 9 Samhain 1952<br>Áit bhreithe: Puerto Santo, Sucre, Veiniséala<br>Uimhir Aitheantais: V-4114842<br>Inscne: baineann | Comhalta den National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, agus an Dara Leas-Uachtarán air ón 26 Deireadh Fómhair 2018 i leith. Sa ról ceannasach a bhí aici san ANC, nach n-aithnítear, bhain sí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear tríd an bhforaithne a shíniú lenar baineadh an díolúine pharlaiminteach a bhí ag uachtarán an National Assembly of Venezuela, Juan Guaidó. | 29.6.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 28. | Tania Valentina DÍAZ GONZÁLEZ | Dáta breithe: 18 Meitheamh 1963<br>Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital, Veiniséala<br>Uimhir Aitheantais: V-6432672<br>Inscne: baineann | Comhalta den National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, agus an Chéad Leas-Uachtarán air ón 4 Eanáir 2018 i leith. Sa ról ceannasach a bhí aici san ANC, nach n-aithnítear, bhain sí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear tríd an bhforaithne a shíniú lenar baineadh an díolúine pharlaiminteach a bhí ag uachtarán National Assembly of Venezuela, Juan Guaidó. | 29.6.2020 |
| 29. | Elvis Eduardo HIDROBO AMOROSO | Dáta breithe: 4 Lúnasa 1963<br>Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital, Veiniséala<br>Uimhir Aitheantais: V-7659695<br>Inscne: fireann | Ard-Reachtaire ar an National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, ón 23 Deireadh Fómhair 2018 i leith agus iar-Chéad agus iar-Dhara Leas-Uachtarán air. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear, trína bheith i gceannas ar an ANC, nach n-aithnítear, an dlí i gcoinne an fhuatha a shíniú, údar a thabhairt le gobharnóir freasúra a toghadh go dlíthiúil a chur as oifig agus toirmeasc a chur ar Juan Guaidó seasamh d'aon oifig phoiblí. | 29.6.2020 |
| 30. | Juan José MENDOZA JOVER | Dáta breithe: 11 Márta 1969<br>Áit bhreithe: Trujillo, Veiniséala<br>Seoladh: Arnoldo Gabaldón, Candelaria, Edo. Trujillo<br>Uimhir Aitheantais: V-9499372<br>Inscne: fireann | Dara Leas-Uachtarán Supreme Court of Justice (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)) Veiniséala agus Uachtarán an Constitutional Chamber of the TSJ ón 24 Feabhra 2017 i leith. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí roinnt rialuithe breithiúnacha a ritheadh le dhá bhliain anuas agus a chuir srian le cumhachtaí bunreachtúla chomhlacht reachtach Veiniséala, an National Assembly, a toghadh go daonlathach, nó a bhain an bonn de. | 29.6.2020 |
| 31. | Jorge Elieser MARQUÉZ MONSALVE | Dáta breithe: 20 Feabhra 1971<br>Áit bhreithe: Caracas, Veiniséala<br>Uimhir Aitheantais: V-8714253<br>Inscne: fireann | Ard-Stiúrthóir an National Commission of Telecommunications (CONATEL) ón 7 Lúnasa 2017 i leith. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí shrian ollmhór a chur le cearta mhuintir Veiniseála maidir le saoirse an phreasa, saoirse cainte agus faisnéis. Bhain sé úsáid as cumhachtaí speisialta CONATEL chun lucht cáinte agus daoine nár aontaigh leis an réimeas a chur ina dtost trína suíomhanna gréasáin a bhlocáil, scagadh a dhéanamh orthu agus bac a chur orthu agus trí cheadúnais atá ann cheana do stáisiúin raidió agus teilifíse a chúlghairm agus trí dhiúltú ceadúnais nua den chineál sin a dheonú. | 29.6.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 32. | Farik Karin MORA SALCEDO | Uimhir Aitheantais: V-8608523<br>Inscne: fireann | Ionchúisitheoir atá ag fónamh ag First Special Court of First Instance Veiniséala a bhfuil oifig aige sa Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)). Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí ionchúisimh a raibh cúiseanna polaitiúla leo a thionscnamh agus ar coinníodh go treallach comhaltaí den National Assembly agus oifigigh eile atá i gcoinne réimeas Maduro dá bharr. | 29.6.2020 |
| 33. | Dinorah Yoselin BUSTAMANTE PUERTA | Dáta breithe: 14 Eanáir 1975<br>Uimhir Aitheantais: V-10002096<br>Inscne: baineann | Ionchúisitheoir atá ag fónamh ag First Special Court of First Instance Veiniséala a bhfuil oifig aici sa Directorate-General of Military Counter-Intelligence (*Dirección General de Contrainteligencia Militar* (DGCIM)). Bhain a cuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí ionchúisimh a raibh cúiseanna polaitiúla leo a thionscnamh agus ar coinníodh go treallach comhaltaí den National Assembly agus oifigigh eile atá i gcoinne réimeas Maduro dá bharr. | 29.6.2020 |
| 34. | Luis Eduardo PARRA RIVERO | Dáta breithe: 7 Iúil 1978<br>Uimhir Aitheantais: V-14211633<br>Inscne: fireann | Comhalta den National Assembly agus Uachtarán air, a toghadh go neamhdhlisteanach. Mar chomhalta den National Assembly, reáchtáil sé toghchán bréige inar toghadh mar Uachtarán ar an National Assembly é an 5 Eanáir 2020, agus lenar baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Reáchtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach sa National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Go gearr tar éis an toghcháin bréige, lenar thacaigh páirtí polaitiúil an réimis (PSUV), chuir Maduro agus an National Constituent Asembly (ANC), nach n-aithnítear, fáilte roimh Parra. | 29.6.2020 |
| 35. | Franklyn Leonardo DUARTE | Dáta breithe: 15 Bealtaine 1977<br>Uimhir Aitheantais: V-3304045<br>Inscne: fireann | Comhalta den National Assembly agus an chéad Leas-Uachtarán air, a toghadh go neamhdhlisteanach. Mar chomhalta den National Assembly, reáchtáil sé toghchán bréige inar toghadh é mar an chéad Leas-Uachtarán ar an National Assembly an 5 Eanáir 2020, agus lenar baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Reáchtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach sa National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Go gearr tar éis an toghcháin bréige inar toghadh Duarte, lenar thacaigh páirtí polaitiúil an réimis (PSUV), dúirt Maduro agus an National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, gur dhíol sásaimh dóibh gur toghadh Bord Stiúrtha an National Assembly. | 29.6.2020 |
| 36. | José Gregorio NORIEGA FIGUEROA | Dáta breithe: 21 Feabhra 1969<br>Uimhir Aitheantais: V-8348784<br>Inscne: fireann | Comhalta den National Assembly agus an dara Leas-Uachtarán air, a toghadh go neamhdhlisteanach. Ceapadh é go neamhdhlisteanach ina stiúrthóir ar bhord ad hoc an pháirtí pholaitiúil *Voluntad Popular*. Mar chomhalta den National Assembly, reáchtáil sé toghchán bréige inar toghadh é mar an dara Leas-Uachtarán ar an National Assembly an 5 Eanáir 2020, agus lenar baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Reáchtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach sa National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Go | 29.6.2020" |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | gearr tar éis an toghcháin bréige inar toghadh Noriega, lenar thacaigh páirtí polaitiúil an réimis (PSUV), dúirt Maduro agus an National Constituent Asembly (ANC), nach n-aithnítear, gur dhíol sásaimh dóibh é gur toghadh Bord Stiúrtha an National Assembly. I mí Iúil 2020, le cabhair ó Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (*Tribunal Supremo de Justicia* (TSJ)), ghlac Noriega ceannaireacht an pháirtí pholaitiúil *Voluntad Popular* chuige féin go neamhdhlisteanach, lenar baineadh an bonn den daonlathas i Veiniséala a thuilleadh. | |